

Plean Straitéiseach 2026-2029

Torthaí sláinte níos fearr a mhúnlú do dhaoine
agus d'ainmhithe i dtírdhreach rialála dinimiciúil



Réamhrá

Tá rialáil a bhfuil muinín inti ríthábhachtach chun sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint, chun cur ar chumas daoine rochtain thráthúil a fháil ar tháirgí atá sábháilte agus éifeachtach, tacú le nuálaíocht fhreagrach, agus muinín agus iomaíochas in earnáil eolaíochtaí beatha na hÉireann a chothabháil. Leagtar amach sa straitéis seo an chaoi a gcuirfidh an HPRA an fhreagracht seo i bhfeidhm le linn tréimhse ina bhfuil athrú tapa eolaíoch, reachtaíochta agus domhanda ag tarlú.

Tá castacht níos mó ag baint le forbairt, ceadú agus soláthar táirgí leighis le blianta beaga anuas, agus díriodh níos mó aird ar ról na rialálaithe. Cuirfear dlús leis an treocht sin sna ceithre bliana amach romhainn, agus beidh sé múnlaíthe ag timpeallacht rialála níos casta agus níos éilithí fós.

Beidh ar an HPRA a bheith sofhreagrúil, dírithe ar an eolaíocht agus comhoibritheach mar gheall ar nuálaíocht thapa, creataí reachtaíochta AE nua, agus brú leanúnach ar shlabhraí soláthair domhanda. Ní hamháin go ndéanfar ár dtionchar a thomhas maidir le chomh héifeachtach is a chosnaímid sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe, ach go ndéanfar é a thomhas freisin maidir leis an gcaoi a dtacaimíd le rochtain thráthúil ar tháirgí sábháilteacha agus éifeachtacha, muinín an phobail a choinneáil, nuálaíocht fhreagrach a chumasú, agus cur le seasamh na hÉireann mar phríomhláthair eolaíochtaí beatha.

Tá bonn curtha faoin straitéis seo ag rannpháirtíocht fhairsing leis an bhfoireann, an lucht ceannasaíochta agus na príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála sláinte agus na n-earnálacha a ndéanaimid rialáil orthu. Léiríonn sé tuiscint chomhroinnte ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an HPRA agus an gcóras rialála táirgí sláinte níos leithne.

Tacaíonn sé freisin le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne Sláinte, na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. I measc na dtosaíochtaí sin tá fócas comhroinnte ar shláinte an phobail a chosaint, tacú le nuálaíocht, agus iomaíochas agus athléimneacht a neartú. Áirítear leo freisin éiceachóras eolaíochtaí beatha na hÉireann a chur chun cinn agus cur le cuspóirí One Health, sábháilteacht bhia agus sláinte ainmhithe.

Tá struchtúr an Phlean Straitéisigh bunaithe ar cheithre sprioc a threoróidh aird na heagraíochta sa tréimhse amach romhainn.

- Rialáil don todhchaí: Tacú le rochtain thráthúil ar tháirgí sláinte atá sábháilte agus éifeachtach trí cheannaireacht, barr feabhais agus ullmhacht
- Digiteach ar dtús, á thiomáint ag sonraí: Claochlú digiteach a spreagadh chun gníomhaíochtaí rialála a nuachóiriú agus a bharrfheabhsú
- Comhpháirtíochtaí, muinín agus trédhearcacht: Tionchar agus éifeachtúlacht rialála a spreagadh trí chomhoibriú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí chun freastal ar riachtanais an chórais sláinte agus chun muinín an phobail a neartú
- Daoine, acmhainn agus cultúr: Ár bpobal a spreagadh agus a threorú chun foirne nuálacha atá réidh don todhchaí a fhorbairt atá tiomanta do bharr feabhais maidir le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint.


Is réimse tosaíochta gach ceann de na spriocanna straitéiseacha trína láidreoidimid agus trína gcuirfimid ár gcuid oibre chun cinn mar eagraíocht. Le chéile, léiríonn siad ról an HPRA ní hamháin mar rialálaithe ach mar chomhlacht náisiúnta muiníneach atá tiomanta do shláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint, nuálaíocht shábháilte agus rochtain thráthúil ar tháirgí sláinte a chumasú, agus muinín a choinneáil i maoirseacht rialála. Tacaíonn siad, agus neartaíonn siad, creidiúnacht agus iomaíochas na hÉireann i dtírdhreacha na hEorpa agus na n-eolaíochtaí beatha domhanda.

Tá na tiomantais seo bunaithe ar ár mandáid reachtaíochta agus tacaíonn siad le tosaíochtaí náisiúnta na hÉireann - chomh maith lenár n-oibleagáidí reachtaíochta Eorpaí agus idirnáisiúnta - agus cuireann siad béim ar an méid a chuireann an HPRA le timpeallacht rialála láidir agus nua-aimseartha a thacaíonn le sláinte an phobail agus a fhreagraíonn go héifeachtach do dhúshlán a thagann chun cinn.

Braithfidh cur i gcrích na straitéise seo ar rannpháirtíocht agus tiomantas leanúnach fhoireann an HPRA, tacaíocht ár gcomhpháirtithe, agus tiomantas comhroinnte do shármhaitheas rialála ar mhaithe leis an bpobal.

Agus an HPRA réidh le comóradh a dhéanamh ar 30 bliain ó bunaíodh é mar chomhlacht neamhspleách agus mar Phríomhúdarás Náisiúnta Inniúil, is am cuí é seo chun treoir shoiléir a leagan amach don todhchaí. Tugann an chloch mhíle seo deis dúinn machnamh a dheanamh ar ár bhforbairt agus ár gcuid gaiscí fad atáimid ag breathnú chun cinn ar éabhlóid leanúnach na heagraíochta laistigh de chóras rialála idirnáisiúnta agus Eorpach atá ag éirí níos dinimiciúla.

Cuireann ár straitéis nua ar chumas an HPRA aghaidh a thabhairt ar dhúshlán agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn. Cinntíonn sé go bhfanaimid éifeachtach agus sofhreagrúil i dtimpeallacht athraitheach, ullmhaithe le haghaidh rannchuidiú ar leibhéal náisiúnta agus domhanda, le cosaint na sláinte poiblí agus ainmhithe i gcoirlár gach a ndéanaimid.



Paul Quinn

Cathaoirleach



Grainne Power

Príomhfheidhmeannach



Ár misean, ár bhfís agus ár luachanna




Ár Misean

Rialaímid leigheas, táirgí sláinte agus feistí ar mhaithe le daoine agus ainmhithe.



Ár bhfís

Barr feabhais maidir le rialáil táirgí sláinte tríd an eolaíocht, trí chomhoibriú agus trí nuálaíocht.



Ár luachanna

Dírithé ar othair:

Is tábhachtaí leas na ndaoine a úsáideann táirgí sláinte ná rud ar bith eile.

Ionracas:

Táimid neamhspleách, trédhearcach agus freagrach.

Comhoibriú:

Oibrímid le daoine eile i gcomhpháirtíochtaí, le muinín agus trédhearcacht.

Cuimsiú:

Creidimid i gcumhacht na héagsúlachta, áit a bhfuil meas agus tacaíocht ag gach duine.

Barr feabhais:

Oibrímid de réir na gcaighdeán pearsanta, gairmiúla agus eolaíochta is airde.

Nuálaíocht:

Táimid ag foghlaim, ag oiriúnú agus ag feabhsú i gcónaí.

Mar a rialaímid

Bronnaimid ceadúnais do chuideachtaí chun leigheasanna a dhéanamh, a dháileadh agus chun margaíocht a dhéanamh orthu i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar a sábháilteacht, ar a gcáilíocht agus ar a n-éifeachtacht.

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar chógais, feistí leighis agus táirgí sláinte eile, agus aon ábhar imní maidir le sábháilteacht nó maidir le cáilíocht a fhreagairt.

Déanaimid cigireacht ar chuideachtaí agus ar shaoráidí a thástálann, a dhéanann nó a dháileann táirgí sláinte lena chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin agus reachtaíocht ábhartha.

Cuirimid faisnéis maidir le sábháilteacht agus maidir le cáilíocht i dtoll a chéile chun tacú le húsáid shábháilte táirgí leighis.

Tacaímid, trí réimse gníomhaíochtaí, le nuálaíocht i dtáirgí sláinte, i dteicneolaíochtaí agus in úsáid na heolaíochta rialála.

Na nithe a rialaímid

Leigheasanna lena n-úsáid ag an duine




Leigheasanna le húsáid ag ainmhithe



Feistí leighis lena n-úsáid ag an duine



Trialacha cliniciúla



Fuil agus comhábhair fola




Fíochán agus ceall daonna




Orgáin daonna don trasphlandú



Substaintí rialaithe



Cosmaidí



Ainmhithe a úsáid chun críche eolaíochta



Ár spriocanna agus ár gcuspóirí



Sprioc 1 Rialáil don todhchaí

- Tacú le táirgí nuálacha sláinte a fhorbairt agus bealaí sofhreagrúla, oiriúnaitheacha a chothú a fhreagraíonn do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil
- Reachtaíocht agus beartas atá ag teacht chun cinn a mhúnlú ar fud ár sainchúraim rialála, lena n-áirítear trí cheannaireacht líonra threisithe, chun éifeachtacht an chórais a uasmhéadú agus sláinte an phobail a chosaint
- Ról lárnach a bheith againn in údarú leigheasanna agus bainistiú saolré táirgí sláinte san Eoraip
- Córais a neartú chun infhaighteacht táirgí sláinte a bhainistiú agus a threisiú go réamhghníomhach agus chun ullmhacht a chinntiú do bhagairtí sláinte poiblí, ag baint úsáid as cur chuige One Health



Sprioc 2 Digiteach ar dtús, á thiomáint ag sonraí

- Claochlú digiteach a spreagadh chun próisis agus gníomhaíochtaí gnó rialála a bharrfheabhsú, agus chun idirghníomhú digiteach le páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú
- Sonraí a threisiú mar chatalaíoch le haghaidh barr feabhas rialála agus nuálaíochta
- Leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga i gcomhthéacs próisis ghnó agus rialála
- Lucht saothair a chur chun cinn atá oile go digiteach agus atá in ann táirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha sláinte a rialú

Sprioc 3

Comhpháirtíochtaí, muinín agus trédhearcacht



- An HPRA a threisiú mar údarás dílis agus mar fhoinsé údarásach eolais faoi tháirgí sláinte
- Feabhas a chur ar mhuinín agus ar thuiscint an phobail trí chultúr rialaithe otharlárnach
- Comhtháthú leis an gcóras sláinte a neartú, ag barrfheabhsú tionchar rialála chun tacú le cúram othar
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú le comhlachtaí agus líonraí rialála náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta chun tacú le timpeallacht rialála éifeachtach agus éifeachtúil

Sprioc 4

Daoine, cumas agus cultúr



- Lucht saothair a chothú atá réidh don todhchaí, a thabharfaidh na scileanna agus na cumais a theastaíonn dár bpobal
- Struchtúr ár n-eagraíochta agus ár bpleanáil lucht saothair a ailíniú chun seachadadh sábháilte, iontaofa, ardcháilíochta agus éifeachtúil ár sainchúraim agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bharrfheabhsú
- Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais, comhshaoil agus bonneagair a chinntiú i gcomhréir le cóid rialtais
- Leanúint de chultúr éagsúlachta, cuimsithe, comhionannais agus barr feabhais a chothú agus a leabú sa chaoi a n-oibrímid, a bhfuilimid nuálach agus a stiúraimid



Sprioc 1

Rialáil don todhchaí

Tá sé rithábhachtach go mbeadh rochtain thráthúil ar tháirgí sláinte sábháilte éifeachtacha mar chuid lárnach de mhisean an HPRA. Mar fhreagra ar thírdhreacha sláinte agus geopholaitíochta atá ag athrú go tapa, beimid i gceannas le lúfaireacht agus le hinoiriúnaitheacht, ag neartú na heolaíochta rialála agus ag glacadh le nuálaíocht nuair is féidir. Trí bheith ag súil le dúshlán agus ag déileáil leo go tapa, coinneoidimid muinín an phobail i sábháilteacht agus i gcáilíocht táirgí sláinte. Rachaimid sa tóir ar dheiseanna freisin chun úsáid ainmhithe chun críocha eolaíochta a laghdú agus a bheachtú, agus teacht ar roghanna eile nuair is féidir.

Agus athchóirithe móra reachtacha ag an AE agus ag an leibhéal náisiúnta ar na bacáin, bainfidimid leas as ár seasamh laistigh den líonra Eorpach agus le comhpháirtithe áitiúla chun cabhrú leis na creataí sin a mhúnlú, ionas go seachadfaidh siad torthaí láidre sláinte poiblí agus go bhfeabhsóidh siad iomaíochas an AE agus iomaíochas náisiúnta ag an am céanna. Trí rialáil chomhréireach, fhorásach a chur chun cinn, cabhróimid le hualach neamhriachtanach a laghdú, comhoiriúnú a spreagadh, agus spás a chruthú le go rachaidh an nuálaíocht ó neart go neart.

Neartóimid córais lena gcosnófar infhaighteacht táirgí sláinte, lena dtacófar le hullmhacht náisiúnta do ghéarchéimeanna sláinte, agus lena rachaimid i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh trí úsáid a bhaint as cur chuige One Health a aithníonn idirnascthacht shláinte an duine, shláinte ainmhithe, shláinte plandaí agus shláinte comhshaoil. Ag an am céanna, tacóimid le nuálaithe trí bhealaí rialála soiléire agus éifeachtúla, ag cur teicneolaíochtaí nua ar fáil do na daoine sin a bhfuil siad de dhíth orthu. Le chéile, cuirfidh na hiarrachtaí seo le córas rialála níos láidre agus níos freagraí atá réidh don todhchaí.

Rialáil don todhchaí

Tacú le rochtain thráthuíl ar tháirgí sláinte atá sábháilte agus éifeachtach trí cheannaireacht, barr feabhais agus ullmhacht.

Cuspóir	Gníomh	Toradh
Tacú le táirgí nuálacha sláinte a fhorbairt agus bealaí sofhreagrúla, oiriúnaitheacha a chothú a fhreagraíonn do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.	Rannpháirtíocht dhírithe i dtionscnaimh náisiúnta agus AE a thacaíonn le forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí sláinte ar feadh shaolré an táirge trí rialáil oiriúnaitheach agus shofhreagrúil.	Táimid tar éis ár saineolas a dhíriú agus a eagrú go straitéiseach chun cur le beartas, nuálaíocht agus dea-chleachtas san eolaíocht rialála ar bhealach a théann go mór i bhfeidhm ar dhaoine, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
Reachtaíocht agus beartas atá ag teacht chun cinn a mhúnlú ar fud ár sainchúraim rialála, lena n-áirítear trí cheannaireacht líonra threisithe, chun éifeachtacht an chórais a uasmhéadú agus sláinte an phobail agus na n-ainmhithe a chosaint.	Ár gcur chuige láidir a chur i bhfeidhm maidir le sainathint, anailís agus pleanáil do thionscnaimh nua reachtaíochta agus beartais a thagann chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus leibhéal idirnáisiúnta, a bhfuil impleacht acu ar ár gcuid oibre agus ár misean.	Chomhoibríomar go héifeachtach lena chinntiú go léirítear tosaíochtaí sláinte poiblí na hÉireann i dtionscnaimh nua reachtaíochta agus beartais. Táimid tar éis dul i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara le cur i bhfeidhm éasca, uile-earnála a chinntiú maidir le reachtaíocht agus beartas nua agus nuashonraithe a bhaineann lenár sainchúram, rud a neartóidh muinín na bpáirtithe leasmhara sa chóras rialála.
Ról lárnach a bheith againn in údarú leigheasanna agus i mbainistiú saolré táirgí sláinte san Eoraip.	Rannpháirtíocht an HPRA i líonra rialála an AE a fheabhsú go straitéiseach agus rannchuidiú go dlúth le hacmhainn inbhuanaithe líonra an AE trí rannpháirtíocht ghníomhach an HPRA i líonra rialála an AE agus ar fud an líonra sin.	Tá an méid is fearr is féidir déanta againn ar fud an chórais rialála Eorpaigh maidir le húdarú agus bainistiú saolré táirgí sláinte. Chuireamar le glanmhéadú ar phunann leigheasanna údaraithe na hÉireann le linn an phlean seo.
Córais a neartú chun infhaighteacht táirgí sláinte a bhainistiú agus a threisiú go réamhghníomhach agus chun ullmhacht a chinntiú do bhagairtí sláinte poiblí, ag baint úsáid as cur chuige One Health.	Córais náisiúnta a neartú chun a chinntiú go bhfanann táirgí sláinte do dhaoine agus d'ainmhithe ar fáil agus go n-aithnítear, go maolaítear agus go gcoisctear ganntanas nuair is féidir. Cur le forbairt na gcóras náisiúnta le haghaidh ullmhachta agus freagrúlachta do ghéarchéimeanna sláinte agus leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta One Health maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh.	Tá cur chuige náisiúnta comhordaithe curtha i gcrích againn, lena n-áirítear córais láidre monatóireachta agus tuairiscithe, lena n-íoslaghdaítear agus a choisctear an tionchar a bhíonn ag ganntanas ar shláinte an phobail agus lena dtacaítear le freagairt éifeachtach ar ghéarchéimeanna sláinte poiblí. Tá córais i bhfeidhm againn ar leibhéal eagraíochta chun tacú le freagairt agus ullmhacht géarchéime agus, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, tá gníomhaíochtaí ábhartha curtha i gcrích againn faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta One Health.



Sprioc 2

Digiteach ar dtús, á thiomáint ag sonraí

Spreagtar HPRA níos éifeachtaí leis an gclaochlú digiteach. Déanfaimid nuachóiriú ar ár gcórais, cuirfimid feabhas ar cháilíocht agus ar shreabhadh ár sonraí, agus ullmhóimid ár n-eagraíocht chun intleacht shaorga a thabhairt isteach go muiníneach. Tríd an méid sin a dhéanamh, cruthóimid próisis rialála níos éifeachtaí, níos nasctha agus níos dírithe ar an todhchaí.

Déanfaimid comhtháthú eolais a bharrfheabhsú chun ár gcinnteoireacht a threorú agus chun an méid a chuirimid le tionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha um shláinte dhigiteach a neartú. De réir mar a théann tírdhreach ríomhshláinte na hÉireann i méid, beidh ról gníomhach againn chun deiseanna nua a mhúnlú agus a threisiú, a fheabhsaíonn léargas rialála agus tionchar sláinte poiblí.

Is féidir dul chun cinn digiteach a dhéanamh a bhuí le cumas ár bpobal. Tógfaimid lucht saothair oilte atá in ann teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus uirlisí nua-aimseartha a úsáid. Mar gheall ar na hiarrachtaí seo le chéile, beidh an HPRA in ann táirgí nuálacha sláinte a rialáil le soiléireacht agus le muinín.

Digiteach ar dtús, á thiomáint ag sonraí

Claochlú digiteach a spreagadh chun gníomhaíochtaí rialála a nuachóiriú agus a bharrfheabhsú.

Cuspóir	Gníomh	Toradh
Claochlú digiteach a spreagadh chun próisis agus gníomhaíochtaí gnó rialála a bharrfheabhsú, agus chun idirghníomhú digiteach le páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú.	Ár gcórais agus ár bpróisis dhigiteacha a neartú agus a nuachóiriú trí uathoibriú a fheabhsú, nascacht agus malartú sonraí a fheabhsú, agus ailíniú le tionscnaimh dhigiteacha an AE chun oibríochtaí rialála éifeachtúla, comhtháite atá réidh don todhchaí a chur ar fáil.	Déantar ár gcórais agus ár bpróisis dhigiteacha a nuachóiriú agus a chomhtháthú tuilleadh le huathoibriú feabhsaithe, ceangal láidir inmheánach agus seachtrach, agus malartú éifeachtach sonraí do pháirtithe leasmhara seachtracha atá ag teacht le caighdeáin dhigiteacha an AE, ag tacú le hoibríochtaí rialála atá éifeachtúil, comhsheasmhach agus réidh don todhchaí.
Sonraí a threisiú mar chatalaíoch le haghaidh barr feabhais rialála agus nuálaíochta.	Ár rialachas sonraí a neartú agus bonneagar slán comhroinnte sonraí a fheabhsú i gcomhthéacs thionscnaimh an AE maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht Comhtháthú foinsí sonraí ón bhfíorshaol agus foinsí nua a chur chun cinn mar chuid de phróisis rialála, ag obair i gcomhar le líonra an AE.	Tá ár bpróisis rialála níos cuíchóirithe agus níos sonraibhunaith, le tacaíocht ó idir-inoibritheacht fheabhsaithe agus ó fhoinsí éagsúla sonraí ardchaighdeáin. Tá idirghníomhaíochtaí digiteacha le páirtithe leasmhara níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí, le hiarracht laghdaithe láimhe. Feidhmíonn an HPRa sa líonra rialála Eorpach trí chomhtháthú teicniúil níos láidre agus trí úsáid a bhaint as sonraí agus córais chomhroinnte AE.
Leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga i gcomhthéacs próisis ghnó agus rialála.	Iníúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir ardanáilíocht sonraí agus intleacht shaorga a úsáid thar réimsí gnó chun cumais inmheánacha anailíse agus tacaíochta cinntí a fheabhsú. Cur le forbairt caighdeán agus treoir maidir le teicneolaíochtaí IS a chur i bhfeidhm maidir le rialáil táirgí sláinte.	Táimid tar éis ár n-úsáid uirlisí digiteacha, IS agus anailísiúchta sonraí a leathnú chun ár bpróisis rialála agus gnó a chuíchóiriú, le tacaíocht ó léargais a fuarthas trí thionscnaimh rialála an AE.
Lucht saothair a chur chun cinn atá oile go digiteach agus atá in ann táirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha sláinte a rialú.	Cur le cumas digiteach, sonraí agus teicneolaíocht thuarthach ar fud na heagraíochta trí chlár uasoiliúna agus forbartha spriocdhírthe a neartaíonn nuálaíocht, comhoibriú agus úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.	Tá lucht saothair dea-oilte againn atá muiníneach go digiteach agus a bhfuil na scileanna acu chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a mheasúnú agus a rialáil, le tacaíocht ó uirlisí feabhsaithe, comhoibriú níos láidre, agus bealaí oibre nua-aimseartha a chuireann feabhas ar cháilíocht agus ar fheagrúlacht ár seirbhíse poiblí.



Sprioc 3

Comhpháirtíochtaí, muinín agus trédhearcacht

Is gnéithe ríthábhachtacha de ról an HPRA i gcosaint shláinte an phobail agus shláinte ainmhithe iad comhpháirtíochtaí a neartú agus muinín a chothú. Déanfaimid ár seasamh mar fhoinsé iontaofa agus údarásach eolais ar tháirgí sláinte a threisiú, ag cinntiú go bhfuil an t-eolas a chuirimid in iúl furasta a thuiscint agus bunaithe ar fhianaise. Trí ghníomhaíochtaí trédhearcacha agus cleachtais chuntasacha, déanfaimid muinín an phobail as cinntí rialála agus as an gcóras sláinte níos leithne a chosaint.

Trí dhul i dteagmháil go hoscailte agus go tuisceanach leis an bpobal agus leis na comhpháirtithe cúram sláinte, cothóimid tuiscint níos fearr ar ár sainchúram agus ar an gcaoi a múnlaíonn fianaise ár gcinntí agus ár ngníomhartha. Ag an am céanna, déanfaimid comhoibriú a neartú ar fud chóras sláinte na hÉireann agus neartóimid ár n-ionchur laistigh de líonraí rialála AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear tacú le seachadadh uachtaránachta na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh na comhpháirtíochtaí sin de bheith ag tacú le rialáil chomhordaithe, le freagairtí tráthúla ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, agus le torthaí níos fearr d'othair agus don phobal.

Comhpháirtíochtaí, muinín agus trédhearcacht

Tionchar agus éifeachtúlacht rialála a spreagadh trí chomhoibriú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí chun freastal ar riachtanais an chórais sláinte agus chun muinín an phobail a neartú.

Cuspóir	Gníomh	Toradh
An HPRA a threisiú mar údarás dílis agus mar fhoinsé údarásach eolais faoi tháirgí sláinte.	Leanúint de chur le feidhmiúlacht shuíomh gréasáin an HPRA agus le bealaí eile chun eolas agus seirbhís a sholáthar d'eintitis rialaithe, do ghairmithe cúram sláinte, agus don phobal a fhreastalaíonn go hiontaofa ar riachtanais eolais agus seirbhíse atá ag teacht chun cinn.	Cuireann ár suíomh gréasáin agus ár mbealaí cumarsáide eolas agus seirbhísí soiléire, tráthúla agus iontaofa ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha ár bpáirtithe leasmhara.
Feabhas a chur ar mhuinín agus ar thuiscint an phobail trí chultúr rialaithe otharlárnach.	Ár dtuiscint ar riachtanais othar a dhoimhniú trí Fhóram Othar HPRA agus na cineálacha gníomhaíochtaí rialála ar a ndéanaimid teagmháil a leathnú, chun tacú le hothair.	Neartaíomar muinín agus tuiscint an phobail trí rannpháirtíocht le hothair a dhoimhniú agus trí bhealaí inrochtana, cuimsitheacha agus fiúntacha a chinntiú dóibh chun a dtaithe maidir le táirgí sláinte a roinnt, agus a gcuid léargais léirithe inár gcuid oibre rialála.
Comhtháthú leis an gcóras sláinte a neartú, ag barrfheabhsú tionchar rialála chun tacú le cúram othar.	Comhoibriú agus forbairt comhpháirtíochtaí a chur chun cinn chun ról an HPRA a fheabhsú mar chuid de chomhar an chórais idirshláinte ar shaincheisteanna tábhachtacha maidir le táirgí sláinte.	Tá creataí straitéiseacha curtha i gcrích againn ina leagtar amach conas a dhéanaimid teagmháil leis an gcóras sláinte ar shaincheisteanna suntasacha rialála chun úsáid shábháilte réasúnach a bharrfheabhsú.
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú le comhlachtaí agus líonraí rialála náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta chun tacú le timpeallacht rialála éifeachtach agus éifeachtúil.	Ceannaireacht a chur ar fáil maidir le rannchuidiú le líonraí rialála agus comhoibriú laistigh díobh, agus dea-chleachtais agus dea-chaighdeán a fhorbairt chun tacú le rialáil chomhréireach rioscabhunaithe, ag dul i dteagmháil leis an tionscal chun tacú leis an mbealach is fearr lena chur i bhfeidhm.	Cumasaíonn an HPRA forbairt leanúnach i rialáil agus i ndeiseanna le haghaidh comhoibríochta, ag díriú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht agus sláinte an phobail a chosaint ag an am céanna.



Sprioc 4

Daoine, cumas agus cultúr

Is iad daoine an chumhacht atá taobh thiar de rath an HPRA. Spreagann a saineolas agus a dtiomantas barr feabhais chun sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint. Leanfaimid orainn ag infheistiú inár bhfoirne, ag forbairt scileanna, ag cothú inoiriúnaitheachta, agus ag cruthú deiseanna chun dul ó neart go neart i dtírdhreach atá ag athrú. Agus muid treoraithe ag ár Straitéis Daoine agus trí bharrfheabhsú straitéiseach a dhéanamh ar struchtúr na heagraíochta agus ar phleanáil lucht saothair, déanfaimid foghlaim, pleanáil comharbais agus lúfaireacht an lucht saothair a leabú chun fanacht réidh don toadhchá. Cinnteoidh sé seo, mar aon le fócas ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach, bonn daingean dár gcuid oibre.

Tacaíonn ár gcultúr le héagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas. Tá tábhacht le gach guth, tá luach ag gach difríocht, rud a spreagann nuálaíocht agus ardfheidhmíocht. Seasaimid le cearta an duine agus le comhionannas i ngach rud a dhéanaimid, i gcomhréir le ceanglais an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Trí leanúint ar aghaidh leis seo, cinntímid eagraíocht athléimneach, chuimsitheach a fhreastalaíonn ar ár bpobal agus ar na pobail a chosnaímid.

Daoine, cumas agus cultúr

Ár bpobal a spreagadh agus a threorú chun foirne nuálacha atá réidh don todhchaí a thógáil atá tiomanta don bharr feabhais maidir le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe a chosaint.

Cuspóir	Gníomh	Toradh
Lucht saothair a chothú atá réidh don todhchaí, a thabharfaidh na scileanna agus na cumais a theastaíonn dár bpobal.	Timpeallacht leanúnach foghlama a chruthú agus foghlaim a leabú sa chultúr. Infheistíocht a dhéanamh i gcláir uasoiliúna agus forbartha spriocdhírthe. Scileanna criticiúla a fhorbairt don todhchaí agus píblínte comharbais agus ceannaireachta a neartú.	Tá lucht saothair againn atá réidh don todhchaí agus a bhfuil lúfaireacht mhéadaithe, binse láidir ceannaireachta agus cultúr foghlama leanúnach ilghnéitheach acu.
Struchtúr ár n-eagraíochta agus ár bpleanáil lucht saothair a ailíniú chun seachadadh iontaofa, ardcháilíochta agus éifeachtúil ár sainchúraim agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bharrfheabhsú.	Struchtúr na heagraíochta a bharrfheabhsú chun teacht le fás, le sainchúram atá ag teacht chun cinn agus le forbairtí rialála, chun comhoibriú inmheánach a uasmhéadú agus réamhaisnéisiú, gnó agus pleanáil lucht saothair a fheabhsú go leanúnach ionas go gcinnteofar lúfaireacht agus éifeachtacht.	Táimid eagraithe chun rath a bhaint amach. Tá na daoine, na scileanna, an cultúr agus na struchtúir inbhuanaithe chearta i bhfeidhm chun tacú lenár sainchúraim agus ár spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm anois agus amach anseo.
Inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais, comhshaoil agus bonneagair a chinntiú i gcomhréir le cóid rialtais.	Inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chur ar fáil trí phleanáil láidir airgeadais, comhshaoil agus bonneagair. Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe rialtais agus le máthair-ranna an HPRA chun tacú le feidhmíocht agus seachadadh optamach ár bhfeidhmeanna rialála.	Tá bunús láidir agus seasmhach airgeadais coinnte againn a chinntiú go gcuirtear ár bhfreagrachtaí rialála ar fáil. Cuireann an tseasmhacht seo ar ár gcumas tacú le cleachtais inbhuanaithe, ár dtionchar ar an gcomhshaoil a laghdú, cur le spriocanna aeráide na hÉireann agus rath a léiriú trí rannpháirtíocht iomlán le hathbheithnithe agus iniúchtaí rialtais.
Leanúint de chultúr éagsúlachta, cuimsithe, comhionannais agus barr feabhais a chothú agus a leabú sa chaoi a n-oibrímid, a bhfuilimid nuálach agus a stiúraimid.	Timpeallacht a chruthú a dhéanann ceiliúradh ar dhifríochtaí, a spreagann ardfeidhmíocht, agus a neartaíonn ár gcultúr comhroinnte, ag cinntiú go mbeidh tionchar fiúntach dár lucht saothair agus dár bpáirtithe leasmhara.	Leanaimid ar aghaidh ag tógáil ar na bunchlocha atá bunaithe againn, ag neartú agus ag leabú tuilleadh cúinsí comhionannais, cuimsithe agus chearta an duine sa tslí ina n-oibrímid.

